www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

| Uimhir Iarrthóra |
|---|
| |

General Certificate of Secondary Education
2012–2013

# Eolaíocht: Teastas Singil

## Aonad 1 (Bitheolaíocht)

## Ardsraith

**[GSS12]**

GSS12

**DÉ MÁIRT 14 BEALTAINE 2013, MAIDIN**

**AM**

1 uair agus 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **deich** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 75 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **4(a)** agus **10(a)**.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| **Marc Iomlán** | |


www.xtrapapers.com

LEATHANACH BÁN

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** **(a)** Tá cill ainmní á léiriú sa léaráid. Níl ach crómasóm amháin ar taispeáint.




**(i)** Ainmnigh an strúchtúr atá lipéadaithe **A**.

_______________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh na strúchtúir ar an chrómasóm atá lipéadaithe **B**.

_______________________________ [1]

**(b)** Is féidir dath dearg nó dath bán a bheith ar thiúilipí. Tá an ailléil do dhath dearg ceannasach ar an ailléil do dhath bán.

**(i)** Comhlánaigh an léaráid ghéiniteach thíos le sliocht na crosála idir tiúilip **heitrisigeach** dhearg agus tiúilip bhán a thaispeáint.

Bain úsáid as na siombailí; R = dearg r = bán

Dearg

Bán

| | | |
|---|---|---|
| | R | |
| | Rr | |
| r | | rr |

[2]

**(ii)** Cad é an céatadán den sliocht a bhfuil dath bán air?

_______________ % [1]


**(iii)** Luaigh an géinitíopa atá ag tiúilip **homaisigeach** dhearg.

_______________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

2 **(a)** Taispeánann an graf thíos an dóigh a n-athraíonn leibhéal na n-antasubstaintí againn nuair a bhíonn ionfhabhtú baictéarach orainn.




**(i)** Luaigh an fáth a mbíonn moill ann idir ionfhabhtú a fháil agus imdhíonacht a bhaint amach.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

**(ii)** An graf thuas in úsáid agat, tabhair **dhá** phíosa fianaise a léiríonn gur imdhíonacht ghníomhach í an imdhíonacht atá bainte amach.

1. ____________________________________________________________

______________________________________________________________

2. ____________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(b)** Cuidíonn fagaicíotóis fosta le cosaint a thabhairt in aghaidh ionfhabhtú baictéarach.

Déan cur síos ina iomláine ar phróiseas na fagaicíotóise.

______________________________________________________________


______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**(c)** Tá an tUasal Mac Liam ag caint lena dhochtúir sa léaráid thíos.




**(i)** Mínigh ina iomláine an fáth nár ordaigh an dochtúir antaibheathach don fhliú atá ar an Uasal Mac Liam?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]


**(ii)** Luaigh cad chuige a gcaithfear cineálacha nua d'antaibheathaigh a fhorbairt ar bhonn leanúnach.

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |


**3** Taispeánann **Graf 1** céatadán an daonra a bhí ina gcaiteoirí tobac idir na blianta 1950–2010.




**(a)** Cé acu bliain ina raibh an céatadán uasta de chaiteoirí baineanna ann?

______________________________ [1]

Taispeánann **Graf 2** an dóigh ar athraigh líon na ndaoine a raibh ailse na scamhóg orthu idir na blianta 1950–2010.



www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Bain úsáid as **Graif 1** agus **2** le cur síos a dhéanamh **agus** míniú a thabhairt ar an fhianaise a nascann caitheamh tobac le hailse na scamhóg.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(c)** Seachas a bheith ina chúis le hailse na scamhóg, téann caitheamh tobac i bhfeidhm ar chaiteoirí ar chuid mhór dóigheanna eile. Mar shampla, is minic a bhíonn easpa fuinnimh ar chuid mhór caiteoirí tobac.

Mínigh an fáth.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** **(a)** Is toradh é téamh domhanda ar an timthriall carbóin a bheith ag éirí neamhchothromaithe.
Tabhair cuntas ar théamh domhanda.

Sa chuntas agat, ba chóir go mbeadh cur síos **agus** míniú ar:

- na cúiseanna
- na héifeachtaí
- na rudaí is féidir a dhéanamh le téamh domhanda a laghdú.

**Sa cheist seo, measúnófar thú ar chaighdeán na cumarsáide scríofa ar a n-áirítear úsáid na saintéarmaí eolaíochta.**

[6]

**(b)** Is féidir monatóireacht a dhéanamh ar thruailliú sa timpeallacht trí tháscairí bitheacha amhail léicin a úsáid. Mínigh na fáthanna a bhfuil léicin éifeachtach le seo a dhéanamh.

[1]

www.xtrapapers.com


**LEATHANACH BÁN**


**(Leanann na ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5 (a)** Taispeánn **Graf 1** mais na n-iasc a gabhadh i gceantar de Mhuir Éireann idir 1960-1980. Taispeánann **Graf 2** mais na heochraí éisc a sceitheadh (a táirgeadh) sa tréimhse chéanna.




**(i)** Déan cur síos **agus** tabhair míniú ar an ghaol idir **Graf 1** agus **Graf 2**.

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Sa bhliain 1980 thosaigh na cabhlaigh iascaigh sa cheantar seo de Mhuir Éireann ag baint úsáid as eangacha ar mhó méideanna na mogall iontu. Taispeánann **Graf 3** mais na heochraí éisc a sceitheadh sa mhuir sa tréimhse chéanna.




**(ii)** Déan cur síos agus tabhair míniú ar an athrú a tháinig ar mhais na heochraí éisc a sceitheadh idir **Graf 3** agus **Graf 2**.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(b)** Is é 'rith chun srutha' ón fheirmeoireacht is cúis le truailliú níotráite sna huiscebhealaí. Mínigh ina iomláine an dóigh ar féidir le truailliú níotráite na stoic éisc in abhainn a laghdú.

______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Taispeántar an timthriall míosta sa léaráid thíos.




*Adapted from: © GCSE Single Award Science for CCEA by T Laverty, J Napier & R White, published by Hodder Murray, 2006 ISBN 0340926007. "Reproduced by permission of Hodder Education"*

**(a)** Bain úsáid as an fhaisnéis seo le céatadán na laethanta a ríomh nuair a thiocfadh le toircheas a bheith mar thoradh ar chaidreamh collaí.

(Taispeáin do chuid oibre.)

_______________________ % [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Tá an timthriall míosta á rialú ag na hormóin éastraigin agus prógaistéarón.

**(i)** Déan cur síos iomlán ar cad é is hormón ann.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Is é ról éastraigine ná ubhsceitheadh a spreagadh. Bain úsáid as an léaráid leis an lá a lua nuair is dóchúla a bheidh an éastraigin ag an leibhéal is airde.

Lá ______________ [1]

**(iii)** Déan cur síos iomlán ar an fheidhm atá ag prógaistéarón sa timthriall míosta.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(iv)** Déan cur síos iomlán ar an dóigh a gcuireann piollaire frithghiniúnach mná cosc ar thoircheas.

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** **(a)** Taispeántar cuid den timthriall nítrigine sa léaráid seo a leanas.




Bain úsáid as an léaráid agus as do chuid eolais féin leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

**(i)** Ar an léaráid, comhlánaigh an lipéad do bhosca **X**. [1]

**(ii)** Mínigh an fáth a laghdófar leibhéil na nítrigine san ithir nuair a dhéantar fómhar ar phlandaí faoi choinne bia.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Taispeánann an tábla seo a leanas gníomhaíocht na mbaictéar meatha agus na mbaictéar nítriúchán in araid (bosca) mhúirín atá lán de ghearrthóga féir. Taispeántar an teocht i lár an chairn mhúirín fosta.

**Nótáil:** 10 = gníomhú uasta na mbaictéar;
1 = gníomhú íosta na mbaictéar

| Lá | Gníomhú baictéarach | | Teocht/°C |
|---|---|---|---|
| | Baictéir mheatha | Baictéir nítriúcháin | |
| **1** | 1 | 1 | 16 |
| **2** | 4 | 1 | 18 |
| **3** | 8 | 2 | 24 |
| **4** | 10 | 5 | 28 |
| **5** | 9 | 7 | 31 |
| **6** | 6 | 10 | 32 |
| **7** | 4 | 8 | 28 |
| **8** | 1 | 5 | 21 |
| **9** | 1 | 3 | 19 |
| **10** | 1 | 1 | 17 |

**(i)** Cad é an fhianaise sa tábla a léiríonn go dtarlaíonn an próiseas meatha roimh nítriúchán?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(ii)** Cé acu lá, dar leat, ar chríochnaigh an próiseas **meatha**?

Lá ______________ [1]

**(iii)** Ainmnigh an próiseas a tháirg an fuinneamh teasa sna baictéir ba chúis leis an ardú teochta sa charn múirín.

______________________________________________ [1]

**(iv)** Luaigh buntáiste timpeallachta **amháin** as dramhaíl ghairdín a úsáid le múirín a dhéanamh.

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**8** Cailltear suas le 30% de bharra an domhain gach bliain mar gheall ar ionsaithe ó na feithidí lotnaide agus ar an ábhar seo bíonn ganntanas bia ann i gcuid mhór tíortha i mbéal forbartha. Is féidir na feithidí seo a mharú le lotnaidicídí ceimiceacha ach maraíonn siad nó déanann siad dochar fosta do chreachadóirí nádúrtha na bhfeithidí, m.sh. éin. Truaillíonn na lotnaidicídí ceimiceacha an ithir chomh maith.

Tá géin bhaictéarach (an ghéin *Bt*) ag grán buí géinathraithe (GM) a dhéanann próitéin a fhágann go bhfuil an grán buí nimhiúil d'fheithidí lotnaide.

Tá roinnt daoine buartha faoi úsáid na mbarr géinathraithe (GM). Maíonn siad nach bhfuil eolas ag an saol ar an éifeacht fhadtéarmach a bhaineann le grán buí géinathraithe a ithe, go n-aistreoidh na géinte géinathraithe (GM) chuig na speicis dhúchasacha agus go ndéanfar 'sárlustain' dá bharr. Níl fianaise eolaíochta ann, áfach, a thacaíonn leis na barúlacha seo.

**(a)** Bain úsáid as grán buí géinathraithe (GM) mar shampla, agus déan cur síos ar chiall an téarma "innealtóireacht ghéiniteach".

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Ainmnigh an tomhaltóir tánaisteach atá luaite sa sliocht.

______________________ [1]

**(c)** Bain úsáid as an fhaisnéis atá curtha ar fáil, agus luaigh **trí** bhuntáiste as grán buí géinathraithe a úsáid.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________

3. ______________________________________________ [3]

**(d)** Maíonn líon mór eolaithe go bhfuil argóintí na ndaoine a chuireann i gcoinne na mbarr géinathraithe (GM) bunaithe ar mhíthuiscint an phobail seachas ar an eolaíocht.

Cad é an fhianaise sa sliocht atá ag tacú le maíomh na n-eolaithe?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**9** **(a)** Bíonn líon beag plandaí féir i dtromlach na bpáirceanna féir sa Bhreatain (<1% de ghnáth) a bhfuil sóchán acu a fhágann go bhfuil siad fulangach ar ithir a bhfuil cuid mhór copair inti. An sóchán a chuireann fulangacht ar chopar ar fáil, áfach, tugann sé ar na plandaí atá fulangach ar chopar a bheith ag fás i bhfad níos moille.

**(i)** Ag baint úsáid as do thuiscint ar roghnú nádúrtha, mínigh an fáth a bhfuil cóimheas na bplandaí atá fulangach ar chopar chomh híseal sin i bpáirc choitianta sa Bhreatain.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(ii)** I gceantair áirithe in iardheisceart Shasana ina bhfuil ithreacha ar ardleibhéal copair, tá cóimheas na bplandaí atá fulangach ar chopar cothrom, chóir a bheith, le 100%.

Mínigh an fáth a bhfuil sé amhlaidh.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Sóchán is cúis le hailse sna daoine.

Déan cur síos ar an dóigh a bhféadfadh ailse a bheith i láthair ar chraiceann duine mar thoradh ar an iomarca bolg le gréin a dhéanamh.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**10 (a)** Déan cur síos ar struchtúr DNA agus mínigh an nasc idir an cód DNA agus foirmiú próitéiní.

**Sa cheist seo measúnófar thú ar chaighdeán na cumarsáide scríofa, lena n-áirítear úsáid saintéarmaí eolaíochta.**

______________________________________________________________ [6]

**(b)** An dóigh ar forbraíodh tuiscint ar struchtúr DNA, is sampla í de nádúr comhoibríoch na heolaíochta.

Ag déanamh tagairt don sampla seo, déan cur síos ar chiall an téarma “nádúr comhoibríoch na heolaíochta’.

______________________________________________________________ [3]

www.xtrapapers.com

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

113286